

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Bun-dualgais is ea iad seo, maidir leis an gceart atá ag an saoránach Éireannach a c(h)uid gnó a dhéanamh leis an Stát ina rogha teanga oifigiúil. De réir ár dtaithí anseo, tá níos mó éilimh ag an bpobal ar sheirbhísí Ghaeilge trí chumarsáid scríofa, seachas cumarsáid béil.

Bunaíodh Deasc Cúram Chustaiméirí i gContae Phort Láirge chun soláthar seirbhísí a shruthlíneadh agus a dhéanamh níos éifeachtaí – rud a tharla. Trí fhoireann le hinniúlacht sa Ghaeilge a chur ag obair ag an Deasc seo, tá soláthar sheirbhísí trí Ghaeilge lárnaithe cuid mhaith, agus é níos éasca anois do chustaiméirí a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an gComhairle Contae.

MOLADH: Go mbunófaí Deascanna Cúram Chustaiméirí in eagraíochtaí poiblí, le dóthain daoine le Gaeilge ag obair iontu, ionas gur féidir leo seirbhísí Ghaeilge a chur ar fáil ar chomh-chaighdeán agus chomh tapaídh céanna leis na seirbhísí trí Bhéarla.

NB: Is léir go bhfuil an bac ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí ag cur isteach ar infhaighteacht fhoirne le Gaeilge. Caithfí aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo, mar atá molta ag an gCoimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin sa doiciméad, "Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003" (Iúil 2011) – Moladh Uimhir 6, lth 15.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht. Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais poiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Is ceart go mbeadh dualgais áirithe maidir le doiciméidí a chur ar fáil go dátheangach, ach is ceart iad seo a chur in ord tosaíochta de réir éilimh.

Tacaím le moladh an Choimisinéara Teanga sa doiciméad, "Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003" (Iúil 2011) – Moladh Uimhir 3, lth 13. Sé sin, maidir le foilseacháin oifigiúla atá curtha ar fáil trí Ghaeilge, is ceart "a chinntiú go dtabharfaí tosaíocht do na foilseacháin sin is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh." Is ceart liosta de na foilseacháin úd a fhoilsiú, tar éis chomhaontú ón Roinn/gCoimisinéir Teanga.

MOLADH: Is ceart córas náisiúnta a bhunú chun foilseacháin áirithe a chaighdeánú, chun an dúbailt nach gá leis d'fhoirmeacha agus de dhoiciméidí eile atá á cur ar fáil ag eagraíochtaí poiblí cosúla (m.sh. údaráis áitiúla) ar fud na tíre a sheachaint.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008).

Dualgais reatha faoin Acht: • Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

MOLADH 1: Is ceart na Rialacháin Chomharthaíochta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi Lámhleabhar na gComharthaí Tráchtá (a thagann salach ar a chéile in áiteanna faoi láthair) a chomhnascadh le chéile in aon cháipéis amháin, chun rialacháin chríochnaitheacha, chomhsheasmhacha a fhorbairt do chomharthaí bóithre.

MOLADH 2: Is ceart córas nua dath-chódaithe a úsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir an téacs Gaeilge agus Béarla, seachas an cló iodálach. Cialódh sé seo cothromaíocht idir an dá theanga, agus bheadh sé i bhfad níos soiléire do thiománaithe. D'fhéadfá córas dá leithéid a thabhairt isteach diaidh ar ndiaidh, de réir is a bheadh gá le comharthaíocht nua á cur in airde, ar mhaithe le costais a choimeád íseal. Féach an sampla san iomhá thíos ó Garrett Reil agus Conradh na Gaeilge i 2009:



MOLADH 3: Mholfainn chomh maith go mbeadh logainmneacha atá i nGaeilge amháin (m.sh. na logainmneacha Gaeltachta agus áiteanna ar nós Port Laoise agus Dún Laoghaire) sa chás uachtair agus gan iad a bheith i gcló iodálach, mar atá na logainmneacha Béarla faoi láthair.

MOLADH 4: Chomh maith leis sin, mholfainn córas dath-chódaithe maidir le comharthaíocht eile (féach an sampla thíos).



Scéimeanna Teanga faoin Acht. Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?

MOLADH: Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na Scéimeanna Teanga.

Tá an córas mar atá sé an-chiotach. Baineann go leor dlúthshaothair leis agus ní chruthaíonn sé aon chomhsheasmhacht idir sheirbhísí trí Ghaeilge trasna na hearnála poiblí. Tá roinnt mhaith deacrachtaí ag baint le cur i bhfeidhm chóras na Scéimeanna agus níl sé ag feidhmiú mar ba cheart.

Tacaím le moladh an Choimisinéara Teanga sa doiciméad, "Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003" (Iúil 2011) – Moladh Uimhir 5, lth 14, gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chóras scéimeanna teanga. Deir sé, "Theastódh cur chuige comhtháite a d'aithneodh na seirbhísí trí Ghaeilge is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu."

4.(b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?










Tá. Arís, tá moladh ag an gCoimisinéir Teanga sa doiciméad, "Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003" (Iúil 2011) – Moladh Uimhir 5, lth 14. Molann sé córas caighdeán a bhunú a "bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla agus a leagfadh síos an leibhéal seirbhísí i nGaeilge a bheadh le soláthar ag comhlachtaí poiblí a bheadh rangaithe chuige sin de réir critéar ar leith." Seo córas atá á bheartú don Bhreatainis sa Bhreatain Bheag faoi láthair.

Leagfadh an córas seo amach an leibhéal seirbhísí trí Ghaeilge a bheadh le cur ar fáil ag eagraíochtaí poiblí agus iad rangaithe chuige sin de réir critéar ar leith. "Bheadh sé de bhuntáistego laghdófaí go mór an riachtanas foirne le plé leis an réimse seo agus d'fhéadfadh comhsheasmhacht a bheith ann idir na hearnálacha éagsúla go léir".

MOLADH: Sraith de Rialacháin Reachtúla náisiúnta a fhorbairt, ina gcuimsítear bunaidhmeanna agus dualgaisí Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na Scéimeanna Teanga éagsúla, agus a bheadh curtha i bhfeidhm tríd na Deascanna Seirbhísí Custaiméirí don gcuid is mó.

Bheadh sé seo i bhfad níos éifeachtúla ó thaobh riaracháin agus ó thaobh costais de agus is fiú go mór smaoineamh air.

Tá rudaí á ndéanamh ar an talamh atá bunaithe ar an bprionsabal úd cheana féin, ar nós an seicliosta samplach thíos (ó Dhún na nGall):

SEICLIOSTA GAEILGE DON bhFOIREANN 	
(le cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003)	
 Comhfhreagras & Staiseanóireacht	<p>Gach comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge (leictreonach san áireamh) caithfear é a fhreagairt i nGaeilge.</p> <p>Más tú a chuireann tús le comhfhreagras le heolas a chur ar fáil don phobal, caithfidh sé bheith i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla</p> <p>Caithfidh gach páipéarachas agus staiseanóireacht bheith go hiomlán dátheangach; i. ainm seirbhíse, seoladh, sonraí teagmhála srl.</p>
Foirmeacha Iarratais 	<p>Ba chóir gach foirm iarratais a sheoladh, agus a chur ar taispeáint, i nGaeilge agus i mBéarla.</p>
 Glaonna Gutháin	<p>Ba chóir gach glaoch fóin ón bpobal a fhreagairt i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla: msh. ainm seirbhíse nó beannú.</p> <p>Ba chóir do gach oifig féachaint le cainteoir(i) Gaeilge a cheapadh le plé le glaonna fóin i nGaeilge</p>
 Suímh Idirlín	<p>Caithfidh gach ábhar ar shuíomh idirlín na heagraíochta bheith i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna.</p> <p>Má tá aon suíomh idirlín eile fé chúram ag d'oifig ar son na heagraíochta, ba chóir ábhar seasta ar an suíomh seo a bheith i nGaeilge leis.</p>
Preas-Ráitis & Fógraí Poiblí 	<p>Caithfear gach preas-ráiteas a eisiúint go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna, chuig na meán cuí.</p> <p>Caithfear gach fógra poiblí nuachtáin a chlúdaíonn an Contae nó ceantar Gaeltachta a fhoilsiú go dá-theangach.</p>
 Bileoga & Cáipéisí	<p>Caithfidh gach bileog eolais nó bróisiúr (ms., tionscadail, imeachtaí, eolas ginearálta srl) a bheith i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna.</p> <p>Caithfidh gach doiciméad mór-bheartais, tuarascáil bhliantúil, ráiteas bliantúil airgeadais bheith i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna.</p>
 Ag obair sa Ghaeltacht	<p>Ag obair sa Ghaeltacht (msh. scoileanna, cruinnithe, tionscnaimh) ceap ball foirne le Gaeilge agus úsáid an oiread Gaeilge agus is féidir, nuair is féidir.</p> <p>Ba chóir do bhaill foirne atá lonnaithe in Oifigí Gaeltachta (Ionaid, Leabharlanna, Stáisiúin Dóiteáin, srl) Gaeilge a labhairt lena chéile san oifig.</p>
 Comharthaíocht www.logainm.ie	<p>Caithfidh comharthaí na Comhairle (oifig, tionscadal, amuigh srl) a bheith i nGaeilge nó dátheangach, leis an nGaeilge chun tosaigh, chomh mór agus chomh feiceálach leis an mBéarla. (msh. <i>gan cló iodálach</i>)</p> <p>Tabharfar túsáite don nGaeilge ar Chomharthaí Gaeltachta dhátheangacha.</p> <p>Tá gach comhartha bóthair, comharthaí rabhaidh san áireamh, faoi réir ag rialacháin dhátheangacha sa Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá, 2010.</p>

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht. Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5.(a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

Níll. Tá leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge atá á cur ar fáil ag comhlachtaí poiblí sa nGaeltacht ag braith go hiomlán ar a dhóthain foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheith ar fáil chun seirbhísí Ghaeilge ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí Bhéarla a chur ar fáil. Ní féidir a bheith cinnte go mbeidh foireann le hinniúlacht sa Ghaeilge ar fáil faoin gcóras mar atá faoi láthair, agus dá bharr san, tá soláthar seirbhísí trí Ghaeilge sa nGaeltacht míshásúil agus briste.

Mar sin, is beag muinnín atá ag muintir na Gaeltachta in ábaltacht an Stáit seirbhísí Ghaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil, agus ciallaíonn sé seo go bhfuil leisce orthu na seirbhísí seo a éileamh, mar atá de cheart acu faoin mbunreacht.

5.(b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

Ba cheart go mbeadh dualgas reachtúil ar eagraíochtaí poiblí a gcuid seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge sa nGaeltacht agus ba cheart go mbeadh na seirbhísí úd ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a cuirtear ar fáil trí Bhéarla. Mar sin, is ceart go mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge mar riachtanas d'fhoireann na seirbhíse poiblí atá ag obair sa nGaeltacht, agus ba cheart go mbeadh rialacháin in áit chun é seo a chinntiú.

MOLADH: Go mbeidh an Ghaeilge mar bhunriachtanais d'éinne ón earnáil phoiblí atá lonnaithe agus ag obair sa Ghaeltacht. Agus dá bharr, go gcuirfí tús le próiseas oiliúna/earcaíochta a chinnteoidh go mbeidh Gaeilge ag gach ball foirne ón earnáil phoiblí atá ag obair sa Ghaeltacht.

Forálacha eile faoin Acht. Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Tá na forálacha eile fén Acht ceart go leor.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht. Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?

Tá an liosta faoin Acht cuimsitheach, ach mholfainn go ndéantar na comhlachtaí poiblí a rangú maidir le leibhéal an idirghníomhaíochta agus soláthar dhíreach sheirbhísí 'dtí'n pobal, chomh maith le cinntiú go dtagann comhlachtaí poiblí nua-bhunaithe faoi scáth an Achta.

MOLADH: Mar sin, tacaím le moladh an Choimisinéara Teanga go ndéanfaí "na comhlachtaí poiblí sin ar fad a rangú ina gcatagóirí éagsúla (A, B, C etc.) de réir an réimse feidhme agus an chaidrimh atá acu leis an bpobal i gcoitinne, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh, agus go mbeadh an leibhéal seirbhíse a bheadh le soláthar acu trí Ghaeilge i gcomhréir leis an rangú sin de thuras na huaire". ["Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003" (Iúil 2011) – Moladh Uimhir 1, lth 11]

MOLADH: Is ceart aon chomhlacht poiblí nua a bunaíodh/a mbunófaí tar éis don Acht Teanga teacht i bhfeidhm a thabhairt faoi scáth an Achta céanna, agus go mbeadh sé sin luaite go sonrach sa reachtaíocht a bhaineann le bunú na heagraíochta sin.

Oifig an Choimisinéara Teanga. Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Tá cumhachtaí agus feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teangan rithábhachtach chun a chinntiú go gcuirfí reachtaíocht agus cearta teangan na Gaeilge i bhfeidhm mar is cuí. Tá an oifig seo an-éifeachtach ó thaobh cearta saoránaigh a chosaint, agus tá muinín an phobail ag an gCoimisinéir trína bhfuil bainte amach aige go dtí seo. Feictear don bpobal go bhfeidhmíonn sé i slí réasúnach, cothrom agus neamhspleách agus tá sé an-réamhghníomhach i gcur chun cinn dea-chleachtais an dátheangachais, chomh maith. Féachann tíortha eile ar Oifig an Choimisinéara Teanga in Éirinn mar dhea-shampla nuair atá reachtaíochta Cearta Teangan á n-ullmhú acu.

Mar sin, tá sé rí-thábhachtach go ndéanfaí neamhspleáchas agus údarás Oifig an Choimisinéara Teanga a chothú agus cuirim i gcoinne an méid atá beartaithe chun an oifig sin a nascadh le hOifig an Ombudsman, go háirithe nuair nach léir é go sábháilfidh sé seo aon airgead. Ba cheart Oifig an Choimisinéara Teanga a choimeád sa nGaeltacht, gan aon chaolú ar a chuid cumhachtaí nó feidhmeanna.

MOLADH: Gan Oifig an Choimisinéara Teanga a dhúnadh mar oifig reachtúil, neamhspleách agus go gcoimeádfaí an tOifig lonnaithe sa nGaeltacht, gan a stádas ná cumhacht a ísliú.

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfaí ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?

MOLADH: Leasuithe a chinnteodh go mbeadh smaointeoireacht chomhleanúnach maidir le reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeilge – mar shampla, comhsheasmhacht leis na hAchtanna Pleanála, Lámhleabhair na gComharthaí Tráchtála srl....

MOLADH: Chomh maith leis sin, is ceart tús áite a thabhairt do sholáthar sheirbhísí trí Ghaeilge sa nGaeltacht/in áiteanna eile ina labhartar an Ghaeilge, trí Dheascanna Seirbhísí Custaiméirí lárnacha a chur ar fáil; trí sheirbhísí Ghaeilge d'ardchaighdeán a sholáthar agus trí fhoilseacháin a chaighdeánú.

MOLADH: Go mbeadh oifigeach tiomnaithe le Gaeilge (Oifigeach Forbartha Gaeilge) fostaithe ag eagraíochtaí poiblí (go háirithe iad siúd atá ag plé le ceantair Ghaeltachta), a bheadh ag obair i dtreo sheirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn laistigh den eagraíocht sin (Deasc Seirbhísí Custaiméara san áireamh).

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Is ceart tosaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge sa nGaeltacht/áiteanna eile ina labhartar an Ghaeilge mar theanga pobail, trí Dheascanna Seirbhísí Custaiméirí lárnacha a chur ar fáil, trí sheirbhísí Ghaeilge d'ardchaighdeán a sholáthar agus trí fhoilseacháin a

chaighdeánú.

Is ceart tosaíocht a thabhairt chomh maith do bhun-seirbhísí ar nós Mótarcháin, Tithíocht, Seirbhísí Comhshail, Seirbhísí Cánach srl... Tá **comharthaíocht** thar a bheith tábhachtach trasna gach réimse, chun iomhá dátheangach a chothú agus a thaispeáint.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?

Is é an constaic is mó agus is bunúsaí ná easpa inniúlacht sa Ghaeilge i measc oifigigh foirne san Earnáil Phoiblí, mar atá luaite ag an Coimisinéir Teanga ["Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003" (Iúil 2011) – Moladh Uimhir 6, lth 15].

Ní thugann polasaithe earcaíochta reatha aon áird ar sholáthar sheirbhísí stát trí mheán na Gaeilge. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an aimhrialtacht seo trí pholasaí nua náisiúnta earcaíochta a chur le chéile (don uair a thagann deireadh leis an mbac ar earcaíocht atá ann faoi láthair), a aithneodh an riachtanas atá ann seirbhísí an Stáit a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúil. Laghdódh sé seo costais aistriúcháin, costais oiliúna srl agus bheadh sé níos éifeachtaí ó thaobh chostais de thar am.

12. Céard iad na leasuithe a mholfaí ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Na moltaí ar fad mar atá luaite in gceisteanna 1-11 thuas. Mar achoimre:

- (i) **Deascanna Seirbhísí Custaiméirí** lárnacha a bhunú in eagraíochtaí
- (ii) **doiciméidí poiblí** a chur in ord tosaíochta agus iad a chaighdeánú
- (iii) comhordú na **rialacháin chomharthaíochta agus córas dath-chódaithe** a úsáid do chomharthaíocht dátheangach
- (iv) athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na **scéimeanna teanga**, agus é a leasú i dtreo chóras rialacháin reachtaíochta
- (v) tosaíocht a thabhairt do sholáthar **sheirbhísí trí Ghaeilge sna Gaeltachtaí** agus in áiteanna eile ina labhartar an Ghaeilge mar theanga pobail
- (vi) **eagraíochtaí poiblí a rangú** de réir an léibhéil na teagmhála dhíreach atá acu leis an bpobal
- (vii) **polasaí náisiúnta earcaíochta** a fhorbairt, a sheasann leis na riachtanais atá ann ó thaobh sheirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar

Cinnteoídh na leasuithe seo ar an Acht go bhféadfadh an Earnáil Phoiblí dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge do phobal Gaeilge na hÉireann i slí a bheadh fíor-éifeachtacht ó thaobh airgid de agus ó thaobh ama de.

Chabhródh an comhoibriú seo idir Ranna Stáit go mór le Straitéis 20 Bliain an Rialtais don nGaeilge a fheidhmiú ar bheagán costas.

-CRÍOCH-